Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Márta 2026
(OR. en)

6296/26
ADD 1

LIMITE

COEST 143

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréacht CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE COMHLACHAIS AE-AN ÚCRÁIN a mhéid a bhaineann leis an bhFochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin den pháirt eile, agus bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha tofa na hÚcráine a fhormhuiniú |

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. …/2026**
**ÓN gCOMHAIRLE COMHLACHAIS AE-AN ÚCRÁIN**

**an …**

**a mhéid a bhaineann leis an bhFochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin den pháirt eile, agus bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha tofa na hÚcráine a fhormhuiniú**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE COMHLACHAIS IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN ÚCRÁIN,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile (‘an Comhaontú’), agus go háirithe Airteagal 463, i gcomhar le hAirteagal 466 de,

GUS É Á AITHINT AICI go bhfuil Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí ríthábhachtach do chóineasú na hÚcráine leis an Aontas, agus go gcuireann an t-idirphlé agus an comhar idir na húdaráis áitiúla san Aontas Eorpach agus san Úcráin go mór le forbairt a gcaidrimh,

Agus na conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú an 17 Nollaig 2024 Á MEABHRÚ DI, inar thug an Chomhairle dá haire go bhfuil dul chun cinn i réimsí an smachta reachta agus an athchóirithe bhreithiúnaigh agus riaracháin phoiblí ríthábhachtach i gcónaí chun athléimneacht na hÚcráine a neartú.

AGUS É Á MHEABHRÚ DI gur thug an Úcráin an próiseas scagtha chun críche, lena n-áirítear maidir le hAthchóiriú ar an Riarachán Poiblí, an 30 Meán Fómhair 2025,

AGUS É Á AITHINT AICI go léirítear le bunú Fochoiste bliantúil um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí céim thábhachtach chun tosaigh i dtreisiú caidreamh idir an tAontais agus an Úcráin agus i bhfeabhsú a n-idirphlé beartais sa réimse ríthábhachtach sin, agus go dtreiseofaí an t-idirphlé díreach eatarthu trí bhunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus an Úcráin agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha na hÚcráine a fhormhuiniú,

AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI go mbeidh an Fochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí ina ardán d'idirphlé beartais straitéiseach agus go n-éascóidh sé plé agus comhordú maidir le príomh-athchóirithe i réimse an riaracháin phoiblí agus go mbeidh ról lárnach aige san fhaireachán a dhéanfar ar chur chun feidhme an treochláir um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí agus i dtreoir a thabhairt chun ailíniú le caighdeáin agus le dea-chleachtais na hEorpa a áirithiú; agus go mbeadh an Comhchoiste Comhairliúcháin ina ardán chun dea-chleachtais an Aontais a roinnt maidir le rialachas áitiúil agus réigiúnach agus le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais ar an leibhéal críochach, agus dá bhrí sin go soláthrófaí foirm chobhsaí chomhsheasmhach chomhair le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha tofa na hÚcráine agus go dtabharfaí deis dóibh ról gníomhach a bheith acu trí chomhcheannas a bheith acu ar an gComhchoiste Comhairliúcháin agus trína chlár oibre a chomhchinneadh, agus trí mholtaí a eisiúint.



PUBLIC

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 463 den Chomhaontú, tá sé de chumhacht ag an gComhairle Comhlachais cinntí a dhéanamh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

(2) De bhun Airteagail 466 (2) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle Comhlachais a chinneadh aon choiste nó comhlacht speisialta a chur ar bun i réimsí ar leith atá riachtanach chun an Comhaontú a chur chun feidhme agus cinnfidh sí comhdhéanamh, dualgais agus feidhmiú na gcomhlachtaí sin.

(3) Chun deis a thabhairt don phlé ar leibhéal na saineolaithe maidir leis na príomhréimsí a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe, ba cheart an Fochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí agus an Comhchoiste Comhairliúcháin a bhunú,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

PUBLIC

*Airteagal 1*

*An Fochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí*

1. Bunaítear leis seo an Fochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí.

2. Rialófar agus cuirfear i bhfeidhm Rialacha Nós Imeachta an Fhochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí *mutatis mutandis* i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialacha Nós Imeachta an Choiste Comhairliúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2014 an 15 Nollaig 2014 ó Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus an Úcráin.

3. Féadfar raon feidhme an Fhochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a leasú, nó a athrú ar bhealach eile, le comhaontú frithpháirteach idir na Páirtithe.

*Airteagal 2*

*An Comhchoiste Comhairliúcháin*

1. Leis seo, déantar bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin, ina mbeidh líon comhionann ionadaithe ó Choiste Eorpach na Réigiún, de pháirt, agus ionadaithe tofa d’údaráis áitiúla agus réigiúnacha na hÚcráine, den pháirt eile, a fhormhuiniú.

PUBLIC

2. Déanfaidh Comhchoiste Comhairliúcháin a ghníomhaíochtaí, ar a thionscnamh féin, d'fhonn idirphlé a chur chun cinn agus comhar idir na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a chothú.

3. Glacfaidh Comhchoiste Comhairliúcháin a Rialacha Nós Imeachta féin.

4. Féadfaidh Comhchoiste Comhairliúcháin moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle Comhlachais.

5. Is iad Coiste Eorpach na Réigiún agus Rialtas na hÚcráine a íocfaidh as caiteachas a bhaineann le cruinnithe Chomhchoiste Comhairliúcháin na hÚcráine, lena n-áirítear socruithe eagraíochtúla, rannpháirtíocht óna dtoscairí agus óna bhfoireann tacaíochta, chomh maith le costais taistil agus chothaithe.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle Comhlachais*
*An Cathaoirleach*

PUBLIC